AGUISÍN B

PLEAN FORBARTHA
CHONTAE DHÚN NA NGALL

2006-2012

STRAITÉIS CHÚRAM PÁISTÍ

1.0 CÚLRA AGUS RÉAMHRÁ

1.1 Cúram Páistí – Polasaí agus Tionscnaimh Rialtais

1.2 Is í An Roinn Sláinte agus Leanaí, trí Oifig an Aire Leanaí, atá freagrach as ceapadh polasaí chúram páistí. Tá an bhliain dheireanach den Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP) 2000 – 2006 agus an Clár nua um Infheistíocht Náisiúnta Chúram Leanaí 2006 – 2010 (NCIP) san áireamh mar chuid de chúraimí na Roinne.

1.3 Faoin scáth seo, d'eisigh An Roinn Comhshaoil 'Áiseanna Cúram Leanaí: Treoirlínte d'Údaráis Pleanála' i mí Iúil 2001 agus tugadh treoir do na hÚdaráis Pleanála i gCiorclán PD 5/01 chun athbhreithniú nó athruithe a dhéanamh ar a bPlean Forbartha ar mhaithe leis na moltaí agus na polasaithe sna Treoirlínte a chur i bhfeidhm go hiomlán. Glacadh le Straitéis Chúram Páistí mar ghné éagsúil de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2000 ar an 14 Deireadh Fómhair 2002, chun an fhorbairt fhisiciúil d'áiseanna cúram páistí a threorú.

1.4 Bunaíodh Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall sa bhliain 2001 faoin 'Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP) 2000 - 2006'. Is é ról an choiste ná maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar oiriúntacht sheirbhísí cúram páistí ar fud an Chontae, agus riarachán agus ceadú a dhéanamh ar dheontais do sheirbhísí cúram páistí, idir seirbhísí pobail agus príobháideach araon, faoin Chlár nua um Infheistíocht Náisiúnta Chúram Leanaí.

1.5 Cuireadh i bhfeidhm spriocanna agus polasaithe an Straitéis Chúram Páistí a bhí ann roimhe seo faoi stiúir an phróisis do bhainistiú forbraíochta, go háirithe ó thaobh caighdeáin agus riachtanais, i rith na bpróisis go léir ó réamhphleanáil go breith ar na hiarratais. Cuireadh i bhfeidhm iad seo ar bhealach forbartha nuair a tháinig forbróirí ar bord nó de bhrí go raibh sprioc iomlán de 75 aonad tithíochta sroichte.

1.6 Ba locht sonrach sa straitéis chúram páistí roimhe seo ná na réamh-mheastacháin ar staitisticí daonra (atá sonraithe i mír 4.0 den tuairisc seo) a húsáideadh chun an méid áiseanna a bhí riachtanach do chúram páistí a thuar. Faoi láthair, tá na staitisticí atá ar fáil dúinn as dáta agus is réamhstaitisticí atá tugtha i mír 4.7 den tuairisc seo.

1.7 Go ginearálta, is mar an gcéanna spriocanna, aidhmeanna agus cuspóirí na straitéise seo agus an straitéis a bhí ann cheana féin ach go bhfuil roinnt pointí breise clúdaithe faoi na Treoirlínte agus Comhairle do Bhainistiú Forbraíochta, Alt 10.1.3. Tá sé seo amhlaidh chun a chinntiú go bhfuil an cúram páistí is oiriúnaí curtha ar fáil le riachtanais aitheanta a shásamh ar dhóigh atá cóir agus freagrach.

1.8 Cuireann an straitéis chúram páistí seo soláthar d'ard cháilíocht ar fáil sa Chontae trí pholasaithe agus spriocanna atá leagtha amach i mír 7.0 agus 8.0 den doiciméad seo. Cuideoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall le forbairt agus cur chun cinn na n-áiseanna do chúram páistí ach ní chuirfidh sí na háiseanna fisiciúla ar fáil.

1.9 Beidh críoch le Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP) ag deireadh na bliana 2006.

1.10 Beidh an Straitéis Infheistíochta do Chúram Leanaí (2006 – 2010) bunaithe láithreach agus beidh Comhairle Chontae Dhún na nGall freagrach as cur i bhfeidhm an chláir sin sa Chontae.

2.0 MÍNIÚ

2.1 Cúram Páistí

Sainmhíníonn An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 'Cúram Páistí' mar a leanas:

> "Baineann 'Cúram Páistí' le háiseanna agus le seirbhísí do pháistí réamhscoile agus do pháistí scoile lasmuigh d'uaireanta scoile. Clúdaithe sa tseirbhís seo tá cúram, oideachas agus imeachtaí sóisialta a rachas chun sochair na bpáistí, na dtuismitheoirí, na bhfostóirí agus an pobal i gcoitinne. Ar an tséala sin, clúdaítear naíonraí, seirbhísí cúraim rith lae, crèche, grúpaí súgartha, feighlíocht pháistí agus seirbhísí iar am scoile sa tseirbhís seo ach ní chlúdaítear scoileanna (bunscoil, dara leibhéal nó speisialta) nó ionaid chónaithe.

2.2 Feighlíocht Pháistí

Ní chlúdaíonn na Treoirlínte 'feighlíocht pháistí", a shainmhínítear mar sholáthar cúraim do 6 pháiste (páistí an fheighlí san áireamh) nó líon níos lú, i dteach an fheighlí féin, mar go mbaineann siad go huile agus go hiomlán le gnéithe pleanála talaimh a bhaineann le soláthar do chúram páistí a chur ar fáil. Mar sin féin, siocair go bhfuil ról tábhachtach ag feighlithe páistí sa tsoláthar cúram páistí i gceantar áitiúil, caithfear iad a chur san áireamh i gcomhthéacs riachtanais do fhorbairt chúram páistí sa todhchaí.

3.0 ÁISEANNA ATÁ AR FÁIL CHEANA FÉIN DO CHÚRAM PÁISTÍ

3.1 Bainistíonn Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall Teo. an méid cúram páistí atá faoi láthair i gContae Dhún na nnGall. I mí Mheán Fómhair 2005, bhí 177 áiseanna ionadbhunaithe chúram páistí i gContae Dhún na nGall; bhí 156 áiseanna seisiúnacha agus 21 áis ag cur seirbhís chúram páistí rith lae ar fáil. Seo méadú 44 ar chúram páistí ó rinneadh suirbhé POBAL ar sheirbhísí cúram páistí i 1999, méadú de 48 áis sheisiúnach agus méadú de 5 áis do sheirbhís chúraim rith lae.

3.2 Sa bhlilain 2004, bhí 1600 áit pháirtaimseartha do chúram páistí i gContae Dhún na nGall agus 390 áit chúram páistí rith lae. Sa bhliain 2006 beidh Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall ag áireamh na n-áiseanna ionadbhunaithe do chúram páistí ar fud an Chontae chomh maith leis an méid páistí atá ag freastal ar na háiseanna cúraim páistí agus aoiseanna na rannpháirtithe. Tá an suirbhé POBAl a rinneadh i 1999 as dáta anois mar fhoinse eolais cruinn ar riachtanais chúram páistí sa Chontae.

3.3 De réir sonraí 2004 ó Choiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall, bhí 1,990 áit do sheirbhísí cúram páisti ar fáil sa Chontae. Go bunúsach, is áiseanna seisiúnacha do pháistí san aoisghrúpa 3 – 5 bliana is mó atá ar fáil, 80% (1,600 áit chúram páistí) den líon iomlán cúram páistí ionaidbhunaithe sa Chontae. Is i gcomhair cúraim rith lae do linbh, tachráin agus páistí scoile lasmuigh d'uaireanta scoile atá an 20% eile (390 áit chúram páistí) d'áiteanna cúram páistí ionadbhunaithe.

3.4 Tá formhór na n-áiseanna naíolainne seisiúnacha pobalbhunaithe agus formhór na n-áiseanna naíolainne rith lae a reáchtáil go príobháideach; féach mapaí 1 – 4, aguisín 3 leis seo. Léiríonn na mapaí sin réimse geografach na n-áiseanna ar fud an Chontae, leis an mhórchuid acu lonnaithe sna bailte móra.

3.5 Ón bhliain 1999, tá méadú tagtha ar áiseanna úra do chúram páistí – méadú 25% ó cuireadh tús leis an Chlár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP). Is de thairbhe maoiniú caipitil agus maoiniú i gcomhair foirne d'áiseanna cúram páistí príobháideacha

agus pobalbhunaithe, a chuir an Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí ar fáil, a tharla an méadú sin ar fud an Chontae.

3.6 De réir figiúirí POBAL, tá €12,000 aimsithe ag an Chontae d'áiseanna seirbhísí do chúram páistí atá ann cheana féin agus d'áiseanna atá le tógail go fóill. Tá dhá dhosaen nó níos mó d'áiseanna seirbhísí do chúram páistí go fóill ag fanacht ar mhaoiniú i gcomhair seirbhísí úra.

3.7 Fiú le 44 áis úr do chúram páistí sa Chontae, is beag athrú a tháinig i réimse geografach na n-áiseanna sin; tá an mhórchuid acu lonnaithe thart ar na bailte móra cosúil le Leitir Ceanainn, áit a bhfuil líon ard áiseanna do chúram páistí. De réir suirbhé a rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall i 2003/2004 ar riachtanais agus mianta tuismitheoirí do chúram páistí*, Cumasú Tuismitheoirí, Saibhriú Páistí*, bhí roinnt mhaith daoine i bhfabhar seirbhís chúram páistí baile in áit áiseanna ionadbhunaithe. Tá an claonadh seo le feiceáil sa réimse geografach de sheirbhísí ionadbhunaithe, féach léarscáil leis seo, aguisín 3.

3.8 Is seirbhísí seisiúnacha réamhscoile, mar ghrúpaí súgartha/seirbhísí réamhscoile agus Montessori do pháistí san aoisghrúpa 3 go 5 bliana, formhór na seirbhísí do chúram páistí i gContae Dhún na nGall. Níl na seirbhísí cúram páistí chomh forbartha sa Chonate faoi choinne páistí scoile, linbh nó tachráin cé go bhfuil líon sonrach páistí sna haoisghrúpaí 0 – 4 (10,427) agus 5 – 14 (21,828), is é sin 23% de dhaonra iomlán an Chontae

3.9 Cé nach bhfuil feighlíocht pháistí clúdaithe sna 'Treoirlínte d'Údaráis Pleanála' tá ról lárnach ag na feighlithe páistí i riachtanais chúraim pháistí i gceantar áitiúil. Bheadh sé tábhachtach go mbeadh eolas ag iarratasóirí, a bhfuil rún acu seirbhísí chúraim pháistí a fhorbairt, ar na feighlithe páistí sa phobal chun riachtanais iomlán chúram páistí a mheas (níos tábhachtaí ná staitisticí ar an méid páiste sa cheantar). Cuireann an rannóg chúram páistí formhór seirbhísí cúram páistí ar fáil i gContae Dhún na nGall, trí sheirbhís solúbtha, nach bhfuil ródhaor agus atá oiriúnach do riachtanais na dtusimitheoirí.

4.0 DÉIMEAGRAFAÍOCHT/DAONRA I GCONTAE DHÚN NA NGALL

4.1 Aoisghrúpa na bpáistí 0-19

4.2 Cé gur i gContae Dhún na nGall is mó a bhfuil daoine óga in Éirinn, le 32,000 páiste faoi 15 bliana, tháinig laghdú ar uimhir na bpáistí sna toghcheantair uilig ach amháin i dtoghcheantar Leitir Ceanainn, áit a dtáinig fás beag ó 8669 i 1996 go 8990 i 2002, féach tábla 1. Mar sin féin, laistigh den ghrúpa sin tháinig méadú ar uimhir na bpáistí san aoisghrúpa 0–4 agus laghdú san aoisghrúpa 5–14. Diomaite de thoghcheantar Leitir Ceanainn, ina raibh méadú 2%, tháinig titim san aoisghrúpa 15–19 bliana déag, féach tábla 2.

4.3 Ní chuireann na staitisticí fíora ó dhaonáireamh 2002 leis na réamhstaitisticí (go 2001) atá sonraithe sa phlean Straitéis Chúram Páistí roimh seo. Thuar na réamhstaitisticí go beacht go mbeadh an líon iomlán páistí níos lú ná Daonáireamh 1996 do gach aon toghcheantar ach amháin Leitir Ceanainn. Mar sin féin, bhí sé tuartha go mbeadh an líon iomlán ag 41,867 i 2001 ó 45,941 i nDaonáireamh 1996 (laghdú 9%) agus thaispeáin figiúirí Dhaonáirimh 2002 daonra páistí ionann le 43,769 (laghdú 5%).

4.4 Lena chois sin, thaispeáin réamhstaitisticí titim san aoisghrúpa 0–4 i ngach aon toghcheantar seachas Leitir Ceanainn i 2001, ach de réir Dhaonáirimh 2002 bhí méadú san aoisghrúpa seo i ngach aon toghcheantar.

4.5 Tá tuairim is 130 teaghlach den lucht iarrtha tearmainn i Leitir Ceanainn a bhog ansin i ndiaidh Dhaonáirmh 2002, le thart ar 200 páiste den lucht iarrtha tearmainn i Leitir Ceanainn, ionann le 11% den líon iomlán páistí san aoisghrúpa 0–14 sa bhaile sin. Tá tionchar ag inimirce ó bhallstáit úra an AE ar dhéimeagrafaíocht Chontae Dhún na nGall. Cuideoidh an Chomhairle Chontae le forbairt ar áiseanna cúraim do pháistí an lucht iarrtha tearmainn (a bhféadfadh riachtanais shonracha teanga/cultúrtha a bheith acu) agus déanfar imeascadh le háiseanna eile ar fud an Chonate a spreagadh chun go mbeidh comhtháthú ina eochairsprioc.

4.6 Tá naíolann ag an lucht siúil i Leitir Ceanainn ach níl sé dóthanach do riachtanais na 162 teaghlach lucht siúíl sa Chontae, nó do na teaghlaigh sin a thugann cuairt ar an cheantar go rialta agus a bhfuil gá acu le seirbhís chúram páistí 'buail-isteach'. Déanfaidh an Chomhairle éascaíocht le forbairt áiseanna cúram páistí don lucht siúil agus imeascadh a chothú i measc áiseanna eile sa Chontae.

4.7 Réamh-mheastacháin ar Dhaonra Páistí

4.7.1 De réir Daonáireamh na bliana 2002, bhí 137,575 duine ina gcónaí i gContae Dhun na nGall, ba sin meánmhéadú bliantúil 1% ó dhaonáireamh 1996 agus iomlán daonra páistí 32,225 (0 – 14).

4.7.2 Tá sé tuartha i Réamh-mheastacháin Daonra Réigiúnach an Phríomhoifig Staidrimh 2006-2021 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2005 go mbeidh ardú bliantúil 1.2% sa daonra i gcontaetha na teorann go 2021. Léiríonn anailís ar an ráta breithe bliantúil idir 1998 – 2004 (tábla 3, Aguisín 2) go bhfuil fás bliantúil 2.25% sa ráta breithe ar an mheán. De bhrí go bhfuil an cháipéis seo ag deileáil go sonrach le páistí san aoisghrúpa suas go 14 bliain, is é an fás leanúnach 2.25% sa ráta breithe an modheolaíocht is oiriúnaí le réamh-mheastacháin ar dhaonra páistí san aoisghrúpa 0–4 a thuar. Sna haoisghrúpaí 5–14 agus 15–19 tá na figiúir atá ar fáil cheana féin a n-aistriú go dtí na chéad aoisghrúpaí eile (féach tábla 4, Aguisín 2).

4.7.3 Bunaithe ar an mhodheolaíocht thuas amháin (níl nithe mar ráta báis/imirce/inimirce san áireamh) tá na réamh-mheastacháin ar dhaonra páistí seo a leanas tuartha: Sa bhliain 2010 beidh iomlán daonra páistí ionann le 30,725 san aoisghrúpa 0–14 i gcomparáid le 32,225 i nDaonáireamh 2002. Beidh 10,600 páiste san aoisghrúpa 0-4 sa bhliain 2010 i gcomparáid le 10,427 i nDaonáireamh 2002. Beidh titim bheag san aoisghrúpa 5-9 ó 10,358 i nDaonáireamh 2002 go réamh-mheastacháin 9,698 i 2010 agus titim fosta sa líon páistí san aoisghrúpa 10–14 ó 11,470 i 2002 go 10,424 i 2010 (féach tábla 4, aguisín 2).

4.8 Lucht Saothair Fireann / Baineann agus impleachtaí d'áiseanna cúram páistí

Cé go bhfuil sé coitianta go leor duine amháin as an teaghlach a bheith ag saothrú i gContae Dhún na nGall, tá méadú ar an méid ban atá ag fanacht nó ag pilleadh ar ais ag obair. De réir Dhaonáireamh Chontae Dhún na nGall i 2002, d'fhan 16,000 duine thar 15 bliana sa bhaile agus ba mná 95% dóibh sin. Cé go bhféadfadh sé nach raibh linbh in aois chúram páistí ag cuid acu is féidir glacadh leis go raibh sin amhlaidh ag an mhórchuid. Tá sé mar aidhm ag an Chlár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP) na háiseanna do sheirbhísí cúram páistí a mhéadu ionas gur féidir le tuismitheoirí pilleadh ar obair nó ar oideachas agus oiliúint.

5.0 RIACHTANAS AGUS ÉILEAMH AR ÁISEANNA CÚRAM PÁISTÍ

5.1 De bharr gur fógraíodh an Clár nua um Infheistíocht Náisiúnta Chúram Leanaí, tá sé mar pholasaí leanúnach ag an Rialtas líon na n-áiseanna cúraim a mhéadú agus a gcáilíocht a fheabhsú. Tá an clár úrnua seo agus cur i gcrích an Chláir um Chomhdheiseanna do Chúram Leanaí 2002 - 2006, faoi chúram Oifig an Aire Leanaí (An Roinn Sláinte & Leanaí), ag obair ar mhaithe le háiteanna do chúram pháistí a mhéadú agus tá tacaíocht curtha ar fáil faoina choinne ag POBAL (ADM Teo. roimhe seo) agus ag Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall Teo.

5.2 De réir Daonáireamh 2002, bhí 32,225 páiste san aoisghrúpa 0-14, nó 23% de dhaonra iomlán an Chontae. De réir sonraí Choiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall i 2004 bhí 1990 áit ar fáil do sheirbhísí cúram páistí (gan feighlíocht pháistí ina dteach féin san áireamh) a léiríonn nach bhfuil éileamh ach ag 6% de pháistí an Chontae ar sheirbhísí cúram páistí foirméalta

5.3 Chuir Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall in iúl cé gur húsáideadh staitisticí agus claonta mar uirlisí le háiseanna riachtanacha do sheirbhísí cúram páistí don todhchai a thuar i straitéis chúram páistí cheana, go bhfuil éileamh ar áiteanna cúram páistí ar fud an Chontae. Tá gá go sonrach le háiteanna lánaimseartha i gceantair cathrach in aice le hionaid oibre agus fostaíochta. Caithfear cuimhniú cé nach bhfuil áiteanna naíolainne lán i gceantair cathrach, go bhféadfadh éileamh a bheith ann, mar go mb'fhéidir nach bhfuil na háiteanna atá ar fáil faoi láthair fóirsteanach do riachtanais teaghlaigh nó go bhfuil siad róchostasach.

5.4 I dtaighde coimisiúnta ag Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall i 2003/2004, *Cumasú Tuismitheoirí, Saibhriú Páistí*, léiríodh gur chóir béim ó thaobh cúram páistí a bheith ar "cúram" don pháiste. Léiríodh go bhfuil cúram páiste riachtanach le cur le forbairt an pháiste chomh maith le tacú le tuismitheoirí atá sa lucht saothair, atá i mbun oideachais nó oiliúna agus go bhfuil sin riachtanach ar fud an Chontae idir ceantair cathrach agus tuaithe.

5.5 Bunaithe ar dhoiciméad Choiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall '*Cumasú Tuismitheoirí,, Saibhriú Páistí*', is seirbhís chúraim pháistí atá solúbtha agus nach bhfuil róchostasach atá ag teastáil ó thuismitheoirí. Ar an tséala sin, is ar an earnáil phoiblí (seirbhís atá á reáchtáil, gan brabach, ag coiste bainistíochta deonach) is mó a bhfuil ráchairt ag tuismitheoirí. Tá rachairt fosta ar sheirbhís baile (feighlí páiste) a chuireann rogha seirbhísí cúram páistí, atá solúbtha agus nach bhfuil róchostasach, ar fáil.

5.6 I ngach páirt den Chontae, go háirithe i gceantair tuaithe, cuireann an earnáil 'feighlí páiste' áiteanna cúram páistí ar fáil atá fóirsteanach do riachtanais na dteaghlaigh áitiúla.

5.7 Cé go mbéifí den tuairim go bhfuil an ráchairt atá ar áiteanna cúram páistí comhionann leis an méid páistí i gceantar, mar sin féin tá fás leanúnach san éileamh ar chúram páistí. Tá sé seo amhlaidh go háirithe i gceantair cathrach ach fosta i gceantair tuaithe agus ní hamháin le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí fostaíocht a fháil agus leas a bhaint as deiseanna oideachais agus oiliúna ach fosta chun deiseanna foghlama a chur ar fáil don pháiste. Tá Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall ag comhoirbiú le grúpaí eile le héilimh/riachtanais i gcóir áiseanna a chinntiú agus ag cur comhairle ar na grúpaí ó thaobh modhanna bailithe eolais ar riachtanais (m.sh. suirbhé, cruinnithe oscailte do thuismitheoirí).

5.8 Caithfidh na háiseanna a bheith go caighdeán Na Rialacháin Um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 1996. Beidh Rialacháin Um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) úra ann go luath agus caithfidh na háiseanna cloí leis na rialacha úra sin nuair a chuirfear i bhfeidhm iad.

5.9 I réimse ginearálta an chúraim páisti, is dócha go mbeidh ról an 'fheighlí páiste' ríthábhachtach i gcónaí agus cé nach bhfuil sé mar pháirt den straitéis seo, tá an céatadán ard páistí a dtugann feighlithe aire dóibh ina fhachtóir nuair atáthar ag déanamh meastóireachta ar ghá nó éileamh d'áiseanna eile cúraim páistí.

6.0 SPRIOC

6.1 Frámaíocht do pholasaí pleanála i leith talamhúsáide a chur ar fáil ar mhaithe le soláthar de na háiseanna cúraim páistí is fearr a éascú, a spreagadh, a mhéadú agus a chur ar fáil i dtimpeallacht shábháilte bháúil chun, i dtús báire, riachtanais fhorbartha na bpáistí a shásamh, ach chomh mhaith leis sin riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta an phobail níos leitheadaí a shásamh agus a chinntiú go bhfeabhsófar cáilíocht na seirbhísí cúram páistí don phobal.

6.2 Frámaíocht do pholasaí pleanála i leith talamhúsáide a chuirfidh straitéis do riachtanais chúram páistí agus áiseanna do pháistí san áireamh, go háirithe tionscnaimh bunú fostaíochta, forbairt gheilleagairbhunaithe agus forbairtí ceantair chónaithe/tithíochta sa Chontae.

7.0 CUSPÓIRÍ

7.1 Bheith in ann áiseanna cúram páistí d'ardcháilíocht atá inbhuaine agus solúbtha a chur ar fáil i láithreáin éagsúla atá réasúnta cóngarach don phobal ar a bhfuil freastal le bheith déanta, ag cur san áireamh dáileadh spásúil an daonra i nDún na nGall.

7.2 Suímh fhóirsteanacha do sholáthar áiseanna cúram páistí a aithint.

7.3 Comhionannas a chur chun tosaigh agus dul i ngleic le míbhuntáiste/eisiamh sóisialta i soláthar áiseanna cúram páistí.

7.4 Malairt córais taistil / taisteal comhroinnte, comhroinnt nó athúsáid ar áiseanna atá ar fáil cheana féin agus ar áiseanna soghluaiste chun freastal ar riachtanais na gceantar scoite.

7.5 Dul i gcomhairle le agus comhoibriú le Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall, comhpháirtíochtaí / grupaí forbartha áitiúla, Boird Sláinte agus Bord Forbartha an Chontae maidir le soláthar agus monatóireacht a dhéanamh ar áiseanna cúram páistí agus córais eolais bonnlíne a bhunú.

7.6 Tacú le soláthar d'áiseanna cúram páistí trí mheán na Gaeilge, go háirithe sa Ghaeltacht.

7.7 Cúram páistí a aithint mar earnáil inár féidir fostaíocht áitiúil a chruthú agus mar earnáil atá tábhachtach do dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch in aon cheantar.

8.0 POLASAITHE

8.1 Lonnú na n-áiseanna cúram páistí

8.2 Má tá gá aitheanta ann, beidh an Chomhairle ag tacú le agus ag cur chun cinn soláthar d'áiseanna cúram páistí sna bailte móra agus sna sráidbhailte chomh maith le ceantair in aice leis na háiseanna pobail atá ansin cheana féin (m.sh. scoileanna tuaithe agus tithe pobail), de réir na gcaighdeán forbartha atá leagtha amach in Alt 10.

Má léirítear nach féidir freastal go réasúnta ar na riachtanais atá ann cheana féin laistigh de bhailte, sráidbhailte agus ionaid seirbhíse tuaithe, atá suite i gceantair tuaithe laistigh de Chatagóir Tírdhreacha 1 nó 2, scrúdófar féidearthachtai i gcomhair áiseanna beaga a sholáthar a bheadh lonnaithe i dtithe cónaithe teaghlaigh.

I gceantair laistigh de Chatagóir Tírdhreacha 3, d'fhéadfaí smaoineamh ar áiseanna cúram páistí a lonnú i seanfhoirgnimh / foirgnimh thréigthe ach iad a chóiriú, nó i bhfoirgnimh úrnua/curtha le foirgnimh atá tógtha cheana féin/curtha le clachain, más féidir an fhorbairt a imeascadh go sásúil leis an tírdhreach.

8.3 Beidh an Chomhairle ag comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta agus le grúpaí forbartha áitiúla i gceantair Ghaeltachta ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar sholáthar naíonraí agus áiseanna do pháistí níos sine mar phríomhghné de chosaint na Gaeilge agus oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta. Áit ar bith a bhfuil an Chomhairle ag cur ar fáil cuid mhór tithiocht shóisialta agus/nó tithíocht ar phragas réasúnta i gceantair Ghaeltachta, cuirfear san áireamh áiseanna fóirsteanacha do chúram páistí mar pháirt den fhorbairt. Oibríonn Coiste Chúram Páistí Chontae Dhún na nGall ar fud na Gaeltachta fosta, maraon le hÚdarás na Gaeltachta, le déanamh cinnte go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais chúram páistí sa Ghaeltacht.

8.4 I ngach ceantar, beifear ag moladh soláthar áiseanna laistigh de, in aice le nó cóngarach de scoileanna, ionaid sláinte agus áiseanna pobail sa dóigh go mbeidh fáil áitiúil níos éasca ar an tsoláthar agus go spreagfar forbairt inmharthana.

8.5 I limistéir chónaithe níos nua, d'fhéadfaí ionaid dúiche nó comharsanachta a aithint sna pleananna ceantair áitiúla agus cuirfear láithreáin cúraim páistí agus áiseanna d'aoisghrúpaí eile chun cinn sna ceantair sin.

9.0 FORBAIRTÍ TITHÍOCHTA ÚRNUA AGUS ÁISEANNA CÚRAM PÁISTÍ

9.1 Sna Treoirlínte atá eisithe ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, moltar gur chóir d'údaráis phleanála áis chúram páistí amháin, ar a laghad, a chur ar fáil do cheantair tithíochta nua agus do cheantair eile ina bhfuil forbairt chónaithe a dhéanamh, mura bhfuil cúiseanna láidre in éadan a leithéid. Moltar tagarsholáthar d'áis chúram páistí amháin fá choinne gach 75 teach (íosmhéid de 20 áit chúram páistí). Beidh an soláthar seo a mheas ina iomláine i.e. i gceantar ina bhfuil forbairt de thrí 25-teach beidh gá le tógáil/nó tacú le forbairt áis chúraim páistí.

9.2 Déanfaidh an Chomhairle machnamh maidir le táille forbartha i gcomhair áiseanna cúram páistí a chur ar fhorbairtí tithíochta áit ar bith nach dtig áiseanna cúram páistí a sholáthar ar an suíomh m.sh. áit a bhfuil go leor áiseanna cúram páistí i dtimpeallacht an tsuímh. Bheadh an táille seo mar bhonn do Chiste Forbartha Chúram Páistí an Chomhairle Chontae a chuideodh le bunú áiseanna cúram páistí i láithreáin oiriúnacha.

9.3 Déanfaidh gach forbróir agus soláthraí, a bhfuil sé ar intinn acu seirbhísí cúram páistí a chur ar fáil, teagmháil le Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall le cinntiú go bhfuil an riachtanas cúram páistí (i.e. grúpaí pobail, daoine aonaracha) comhoiriúnach leis an an méid áit (i.e áis a sholáthar ag forbróir) atá beartaithe a chur ar fáil.

9.4 Ní bhainfear úsáid as an mholadh i leith áis amháin do gach 75 teach, mar atá luaite sna Treoirlínte do Chúram Leanaí (Meitheamh 2001) **ach amháin mar phointe cóimheasa táscach** agus déanfar é a chur in oiriúint de réir an chomhairle atá tugtha in Aguisín 2 de na Treoirlínte (ag cuimhneamh ar chomhdhéanamh an limistéir chónaithe atá beartaithe, i.e. meastachán den mheascán daoine atá ar lorg na dtithe agus torthaí anailíse ar bith a rinneadh ar na riachtanais aitheanta chúram páistí a d'fhéadfadh a bheith acu). Mar thoradh ar an mheastachán seo, socróidh an Chomhairle cé acu atá áiseanna cúram páistí ar leith ag teastáil mar pháirt den fhorbairt nó nach bhfuil. D'fhéadfaí iallach a chur ar fhorbróirí suíomh níos fóirsteanaí a chur ar fáil.

- Beidh na forálacha seo do chúram páistí á gcur i bhfeidhm fosta i gcás tithíocht shóisialta agus tithíocht ar phragas réasúnta.
- Chomh maith leis sin, beidh an Chomhairle ag déanamh machnamh ar shocruithe gearrthéarmacha do cheantar tithíochta atá tógtha cheana féin ach nach bhfuil áiseanna fadtéarmacha curtha ar fáil iontu go fóill.

9.5 Tacaíocht d'áiseanna cúram páistí faoi urraíocht an phobail

Leanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'áiseanna cúram páistí pobalbhunaithe i bpairtnéireacht le Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall.

10.0 TREOIR AGUS COMHAIRLE I NDÁIL LE BAINISTIÚ FORBRAÍOCHTA

10.1 De ghnáth, bheadh tógáil ar áis úrnua chúram páistí nó malairt úsáide d'fhoirgneamh atá tógtha cheana féin, ionann le forbairt a mbeadh cead pleanála de dhíth faoina coinne. Ach má thiteann an úsáid a bhaintear as an fhoirgneamh i láthair na huaire agus an úsáid atá beartaithe laistigh d'Úsáid Aicme 8, ghlacfaí leis ansin mar fhorbairt dhíolmhaithe faoi réir ag Airteagal 10 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha, 2000 - 2005. Sainmhíníter Úsáid Aicme 8 mar a leanas:

(a) mar ionad nó clinic sláinte nó mar áit ina gcuirtear ar fáil seirbhísí leighis nó sláinte de shórt ar bith (ach ní úsáid tí cónaithe an sainchomhairleora nó an dochtúra nó in aon fhoirgneamh ceangailte leis an teach nó laistigh dá chúirtealáiste, i gcomhair an chuspóra sin).
(b) mar chréche.
(c) mar naíolann lae.
(d) mar ionad lae.

10.1.1 Ghlacfaí le forbairt tí i gcomhair feighlíocht pháistí mar fhorbairt dhíolmhaithe fosta (Airteagal 10 (5) Rialacháin Pleanála agus Forbartha, 2000 – 2005. Sainmhínítear 'Feighlíocht Pháistí' mar '...gníomhaíocht trína dtugtar aire do líon nach mó ná 6 pháiste, páistí an fheighli, más ann dóibh, san áireamh, i dteach cónaithe an fheighlí, chun brabús nó gnóthachan a dhéanamh'.

10.1.2 Comhoibreoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall le Coiste Cúram Páistí Dhún na nGall ar mhaithe le treoir mionsonraithe fá bhainistiú forbraíochta/Treoirnóta fá Phleanáil Polasaí ar 'Áiseanna Cúram Páistí agus Cead Pleanála' a fhorbairt. Chabhródh sé seo leo siúd a mbeadh sé ar intinn acu a leithéid d'áis a chur ar fáil.

10.1.3 Cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm chun measúnacht a dhéanamh ar oiriúnacht áiseanna cúram páistí:

- Aird ar na Rialacháin fá Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 1996, i ndáil le himpleachtaí pleanála na Rialachán sin.
- Oiriúnacht an tsuimh do chineál agus méid na háise atá beartaithe.
- Oiriúnacht scála na forbartha i gcoibhneas an cheantair ina bhfuil sé beartaithe an áis a lonnú.
- Callán agus núis a d'fhéadfadh tarlú de bharr tráchta nó súgradh lasmuigh.
- Fáil ar áit shúgartha faoin aer agus sonraí bainistíochta ar a leithéid.
- Bealach isteach sábháilte agus áit pháirceála oiriúnach do chustaiméirí agus baill foirne. (Beidh na caighdeán a chaithfear a chur i bhfeidhm ag brath ar thuillteanais gach cás ar a lóntaí féin. I bhformhór cásanna, beidh sé riachtanach go mbeidh feithiclí ábalta tiomáint isteach i ngiar tosaigh go dtí an áis, agus amach arís mar an gcéanna, agus/nó go mbeadh spás ar leataobh d'fheithiclí os coinne na háise).
- Cúinsí tráchta áitiúla.
- Líon na n-áiseanna den chineál sin sa cheantar agus an tionchar a bheadh ag flúirse den chineál sin úsáide ar charachtar iomlán ceantair.
- Uaireanta oscailte atá beartaithe (i gceantair chónaithe áirithe, d'fhéadfadh feidhmiú 24 uair a chloig fadhbanna a chruthú).
- An Tionchar Feiceálach: An éifeacht ar thaitneamhacht an radhairc agus ar charachtar áite.
- Taispeáint go bhfuil gá le soláthar cúram páistí sa cheantar (m.sh. trí shuirbhé, plean gnó mionshonraithe), aird/eolas ar áiseanna áitiúla eile do chúram páistí.
- Oiliúint sna Blianta Tosaigh/Cúram Páistí – seo don iarratasóir le taispeáint go bhfuil eolas aige/aici ar an earnáil agus na ceisteanna a thagann as, ina measc iad sin a bhfuil turraing acu ar cháilíocht.
- Dul i gcomhairle le foireann cigireachta Réamhscoile le cinnitiú go bhfuil na pleananna ag comhlíonadh 'Na Rialacháin Um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 1996 (más gá).
- Dul i dteagmháil le Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall lena chinntiú go bhfuil na céimeanna cuí i mbunú seirbhís chúram páistí a leanstan.

10.2.0 Láithreáin faoi leith

Limistéir Chónaithe

10.2.1 I gceantair atá sannta go príomha mar limistéir chónaithe, bheadh soláthar d'áiseanna cúram páistí oiriúnach d'úsáideoirí ach caithfear cothromaíocht a choinneáil idir é seo agus príomhghné cónaithe na háite.

10.2.2 I **gceantair chónaithe bhunaithe**, bheadh tithe/suímh scoite nó tithe leathscoite measartha mór le spás páirceála ar shiúl ón bhóthar agus/nó ionaid bailithe oiriúnacha do chustaiméirí chomh maith le háit shúgartha faoin aer, níos inghlactha faoi choinne áiseanna cúram páistí a chur ar fáil iontu. Bheadh sé seo amhlaidh go háirithe i gcás nach bhfuiltear ag úsáid ach páirt den teach don chúram gan cur isteach ar an pháirt chónaithe.

10.2.3 Maidir le tithe sraithe nó tithe leathscoite ar láithreáin bheaga, ní bheadh siad chomh inghlactha céanna le haghaidh úsáide mar áiseanna do chúram rith lae ach déanfar iad a mheas de réir a dtuillteanais ó thaobh na bprionsabal do bhainistiú forbraíochta mar atá mínithe thuas. Bheadh cúram seisiúnach nó cúram iar-am scoile, a bheadh teagmhasach don phríomhúsáid chónaithe, níos fóirsteanaí dóibh sin.

10.2.4 I **limistéir tithíochta úrnua**, beifear ag súil go mbeidh forbróiri ag cur soláthar d'áiseanna cúram páistí san áireamh ina gcuid pleananna. Beidh an leibhéal seo ag brath ar na toscaí áirithe atá i gceist ach, mar threoir, d'fhéadfadh áis amháin ina mbeadh íosmhéid cóiríochta do 20 páiste, a bheith oiriúnach do gach 75 teach.

10.2.5 De ghnáth, bheadh ionaid chomharsanachta laistigh de limistéir chónaithe, oiriúnach d'áiseanna cúram páistí ar choinníoll go bhfuil go leor spáis oscailte taobh istigh den áis nó go bhfuil áit shúgartha shábháilte faoin aer in aice láimhe a bhfuil sé furast fáil fhad léi. Sa chás deireanach sin, mura bhfuil an áit shúgartha i seilbh an iarratasóra, ní mór cruthúnas a thaispeáint go bhfuil an t-úinéir ag tabhairt cead don iarratasóir í a úsáid. Lena chois sin, caithfidh iarratasóirí bealach isteach agus páirceáil a chur ar fáil.
D'fhéadfadh sé seo a bheith ina áit pháirceála/ionad bailithe atá comhroinnte le húsáideoirí eile ach caithfear a thaispeáint go bhfuil an ceart seo ann. D'fhéadfadh cead pleanála a bheith ag brath ar na nithe seo.

10.2.6 D'fhéadfadh foirgnimh nó suímh atá ar imeall nó ag críochantacht le limistéir chónaithe agus ceantair eile atá in aice le **slite tráchta príomhúla** a bheith inghlactha mar áiteanna lonnaithe d'áiseanna cúram páistí má tá áit shábháilte páirceála iontu do chustaiméirí agus baill foirne.

10.3.0 Ceantair Thionsclaíoch / Ceantair Fhostaíochta.

10.3.1 Tig le háiseanna cúram páistí a bheith fóirsteanach **i gcriosanna ina bhfuil tionscal éadrom/i bpáirceanna gnó agus teicneolaíochta**, go speisialta má tá siad teagmhasach d'úsáid tionsclaíoch atá ansin cheana féin. Níl siad fóirsteanach do ghnátheastáit thionsclaíoch/ceantair mhianadóireachta ina mbeadh féidearthachtaí guaise agus contúirte ón phróiseas oibriúcháin/innealra ina dhainséar do shláinte agus sábháilteacht na bpáistí.

10.3.2 I gceantair thionsclaíoch, beidh bealach isteach agus áit pháirceála oiriúnach riachtanach chomh maith le soláthar/rochtain ar áit shúgartha shábháilte faoin aer.

10.3.3 Ní dócha go mbeadh foirgnimh **i gceantair thráchtála** atá i gceartlár na mbailte móra, ina bhfuil trácht throm, oiriúnach d'áiseanna cúram páistí siocair go bhféadfaí bac chontúirteach a chur ar thrácht. I gceantair ina mbeadh áit pháirceála oiriúnach agus spás súgartha faoin aer ar fáil, b'fhéidir go mbeadh siad níos inghlactha.

10.3.4 De ghnáth, fóireann sé áiseanna cúram páistí a bheith ar fáil **i bfhoirgnimh oideachasúla** mar coláistí Tríú Leibhéal, bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal, a bheadh go háirithe in inmhe cúram iar-am scoile a chur ar fáil.

10.3.5 I ngach cás, caithfidh na háiseanna cúram páistí go léir a bheith suite fad sábháilte ó fhoirgnimh ina bhfuil substaintí guaise de réir Sceideal 8 de na Rialacháin Pleanála 2000 – 2004.

10.3.6 Cuirfear na caighdeáin seo a leanas i bhfeidhm nuair atáthar ag scrúdú iarratais ar chead pleanála d'áiseanna cúram lae iomláin:

1. Iosmhéid spáis urláir do gach páiste: 2.32 méadar cearnach, gan ag cur san áireamh cistin, seomra folctha agus halla, troscán nó fearais. Sa Leabhrán Mínithe ar na Rialacháin fá Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 1996, moltar mar a leanas:

   Do pháistí idir 0-1 bliain, 3.70 méadar cearnach an páiste
   Do pháistí idir 1-2 bliain, 2.80 méadar cearnach an páiste

Do pháistí idir 2-6 bliain, 2.32 méadar cearnach an páiste
Baineann na moltaí seo le glanspás urláir an páiste. Ní áirítear cistin, leithris, seomraí codlata nó spásanna teagmhasacha eile sna moltaí do spáis urláir.

2. Ní mór dóthain áiseanna fóirsteanacha a chur ar fáil le cur ar chumas páiste réamhscoile súgradh laistigh agus lasmuigh i rith an lae, ag cur san áireamh líon na bpáistí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís, a n-aois agus an méid ama a chaitheann siad san áis.

3. Caithfear aire a thabhairt do leanaí óga ar urlár na talún amháin.

4. Maidir le seirbhísi buail-isteach agus seisiúnacha do pháistí réamhscoile, moltar iad seo a leanas sa Leabhrán Mínithe ar na Rialacháin fá Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 1996:
   - Glanspás urláir an páiste: 2.0 méadar cearnach, gan cistin, seomra folctha agus halla, troscan nó fearais san áireamh.

5. I dtaca le seirbhísí buail-isteach do pháistí agus aire i ndiaidh am scoile, moltar an caighdeán seo a leanas (ach cuimhniú ar na cúinsí ábhartha go léir a bhaineann leis an iarratas, ina measc an gá atá lena leithéid de sheirbhísí sa cheantar agus an méid uaireanta gur dócha a chaithfidh gach páiste san áis in aon lá):
   - Glanspás urláir an páiste: 2.0 méadar cearnach, gan cistin, seomra folctha agus halla, troscan nó fearais san áireamh.

10.3.7 I dtús báire tá measanú na foirne cigireachta Réamhscoile inmholta ar na foirgnimh/ pleananna molta ionas go gcuirfear i bhfeidhm cóimheas agus cáilíocht an imshaoil (m.sh. córas aeraithe ceart, fuinneoga) .

10.4.0 Comhairliúchán / Eolas de dhíth i gcomhair Iarratais.

10.4.1 Moltar don iarratasóir dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Pleanála, Rialú Tógála agus an tOifigeach Dóiteáin i gComhairle Chontae Dhún na nGall, agus leis an Bhord Sláinte áitiúil sula gcuirfear iarratas isteach d'áis chúram páistí. Moltar do iarratasóir chomh maith dul i gcomhairle le Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall ó thaobh treoir agus comhairle go háirithe le tuiscint stráitéiseach a fháil ar riachtanais chúram páistí sa cheantar feidhmeach.

10.4.2 Molann Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall, agus iad ag obair le háiseanna ionchasach do chúram páistí, do na hiarratasóirí Plean Gnó a ullmhú, cosúil le gnó ar bith eile, chun inmharthanacht an ghnó a thuiscint. Mar sin, moltar do na hiarratasóirí an t-eolas seo a leanas a chur faoi bhráid:

1. Nádúr na hÁise
   - Cúram rith lae
   - Seisiúnach
   - Ionad buail-isteach
   - Cúram i ndiaidh am scoile
2. Líon na bpáistí a mbeifear ag freastal orthu.
3. Áit pháirceála do chustaiméiri agus baill foirne araon.
4. Uaireanta oibre atá beartaithe.
5. Soláthar de spás oscailte agus bearta bainistíochta faoina choinne.

10.4.3 Beidh ar an iarratasóir cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil riachtanas ann (trí suirbhé nó trí thaispeáint go bhfuil na háiseanna ag cur leis na critéir pleanála i leith áis amháin do gach 75 teach).

10.4.4 Sula gcuirtear isteach ar chead pleanála ba chóir don iarratasóir ina t(h)aighde sonraí a thabhairt faoi aon áis chúram páistí atá ar fáil sa cheantar. Ba chóir fosta teagmháil a dhéanamh le Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall muna bhfuil siad ar an eolas faoi aon áiseanna cúraim páistí sa cheantar ina bhfuil sé ar intinn acu plean a chur faoi bhráid. Iarrtar é seo chun cinntiú go mbeidh straitéis fhorbartha cúraim páistí a chur i bhfeidhm ar fud an Chontae agus le dúblú a sheachaint.

11.0 ATHBHREITHNIÚ AR STRAITÉIS CHÚRAIM PHÁISTÍ

Sa bhliain 2006 beidh Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall i mbun Daonáireamh Páistí 2006 ar an méid áit chúraim, Cleachtóirí Blianta Tosaigh (oibrithe chúram páistí) agus chomh leitheadach is atá cúram páistí sa Chontae. Beidh an t-eolas reatha sin úsáideach i gcomhair straitéis chúraim pháistí don todhchaí. I bhfianaise an eolais seo tá sé mar sprioc ag Comhairle Chontae Dhún na nGall scrúdú eile a dhéanamh ar an Straitéis Chúram Páistí i ndiaidh Áireamh Cúram Páistí atá le tarlú gan mhoill.

ÁISEANNA CÚRAM PÁISTÍ: SAINMHÍNITHE

Crèche/Naoílann/Cúram rith lae
Seirbhís chúram páistí **rith lae** do linbh, tachráin agus páistí réamhscoile (níos mó ná 3.5 uair sa lá). Go minic cuireann soláthar cúram páistí rith lae agus an crèche seirbhís i ndiaidh am scoile ar fáil do pháistí scoile (6 go 14 bliain). Uaireanta cuireann ionaid buail-isteach aire ar fáil do linbh, tachráin agus páisti réamhscoile ar feadh lá iomlán ach ar bhunús ad hoc (m.sh. ar fáil in ionad siopadóireachta).

Cúram Páiste Seisiúnach
Seirbhís struchtúrtha 3.5 uair nó níos lú do pháistí réamhscoile (2 bhliain agus 9 mí go 5 bliana) ar mhaithe leis an pháiste a dhéanamh réidh don aistriú go dtí an bhunscoil. San áireamh i gCúram Páistí Séisiúnach tá réamhscoileanna, grúpaí súgartha agus naíonraí. Is cuid de chúram páistí seisiúnach fosta na seirbhísí réamhscoileanna sin atá bunaithe ar fhealsúnacht oideachais sonrach m.sh. Montessori nó High/Scope.

Naíonra
Seirbhís a chuireann cúram seisiúnach réamhscoile ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá roinnt naíonraí i nGaeltacht Dhún na nGall agus ar fud an Chontae.

Grúpaí Tuismitheoiri agus Tachráin
Seirbhís thacaíochta do thuismitheoirí agus do pháistí, a thugann deis do pháistí a bheith ag súgradh agus ag déanamh caidrimh le chéile agus deis do thuismitheoir aithne a chur ar a chéile. De ghnáth bíonn páisti a fhreastlaíonn ar ghrúpaí tuismitheoirí agus tachráin faoi thrí bliana d'aois agus bíonn tuismitheoir nó feighlí páiste in éineacht leo.

Páistí Scoile / Cúram Iar-Scoile / Cúram Lasmuigh den Scoil
Seirbhís chúraim pháisti do pháistí scoile (6 go 14 bliain) ar mhodh struchtúrtha ina dtugann an páiste treoir. D'fhéadfadh staidéar, gníomhaíochtaí sóisialta a bheith i gceist, de ghnáth ar feadh dhá nó trí huaire díreach i ndiaidh am scoile.

Feighlíocht Pháistí/Cúram Páistí Baile
Daoine a sholáthraíonn cúram páistí ina dteach féin nó uaireanta i dteach an pháiste. Tá na feighlíthe páistí atá cláraithe le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag tabhairt aire do 3 go 6 pháiste (is crèche é má tá líon níos mó na 6 pháiste i gceist). Glactar leis chomh maith go gcuireann feighlíthe páistí cúram páistí rith lae ar fáil.

Roinntear Soláthar Cúram Páistí fosta idir seirbhís phobail agus phríobháideach.
Cuireann grúpa pobail (tuismitheoirí de ghnáth) soláthar pobail ar fáil ar bhunús neamhbhrabúsach. D'fhéadfadh seirbhís rith lae, crèche, naíonra, seirbhís iar-scoile nó grúpa tuismitheoirí agus tachráin a bheith i gceist. Is gnách le cúram páistí pobail a bheith níos saoire, cé go bhfuil an ráta céanna i gceist i soláthar cúram páistí i mórán ceantair anois.

Soláthar príobháideach
Gnó príobháideach a chuireann seirbhís do chúram páistí ar fáil ar bhunús brabúis.

TÁBLA 1

Daonra Páistí i gContae Dhún na nGall de réir bliain Daonáirimh, aoisghrúpa agus toghcheantar mar atá mionsonraithe i mír 4.2 den doiciméad.

TOGHCHEANTAR BHAILE DHÚN NA NGALL				
	0-4	**5-14**	**15-19**	**Iomlán**
1996 (staitisticí daonáirimh)	1,610	4,553	2,306	8,649
2002(staitisticí daonáirimh)	1,728	3,798	2,027	7,553
Réamh-mheasta do 2001 sa Straitéis Chúraim Pháistí reatha	1,517	3,613	2,449	7,579
TOGHCHEANTAR NA NGLEANNTACH				
	0-4	**5-14**	**15-19**	**Iomlán**
1996(staitisticí daonáirimh)	1,462	4,006	2,077	7,545
2002(staitisticí daonáirimh)	1,538	3,562	1,788	6,888
Réamh-mheasta do 2001 sa Straitéis Chúraim Pháistí reatha	1,440	3,294	2,127	6,861
TOGHCHEANTAR INIS EOGHAIN				
	0-4	**5-14**	**15-19**	**Iomlán**
1996(staitisticí daonáirimh)	2,244	5,763	3,068	11,075
2002(staitisticí daonáirimh)	2,592	5,272	2,852	10,716
Réamh-mheasta do 2001 sa Straitéis Chúraim Pháistí reatha	1,899	4,839	3,109	9,847
TOGHCHEANTAR LEITIR CEANAINN				
	0-4	**5-14**	**15-19**	**Iomlán**
1996(staitisticí daonáirimh)	1,908	4,417	2,344	8,669
2002(staitisticí daonáirimh)	2,257	4,332	2,401	8,990
Réamh-mheasta do 2001 sa Straitéis Chúraim Pháistí reatha	2,076	4,307	2,290	8,673
TOGHCHEANTAR BHAILE NA NGALLÓGLACH				
	0-4	**5-14**	**15-19**	**Iomlán**
1996(staitisticí daonáirimh)	1,025	2,678	1,426	5,129
2002(staitisticí daonáirimh)	1,145	2,481	1,256	4,882
Réamh-mheasta do 2001 sa Straitéis Chúraim Pháistí reatha	831	2,231	1,442	4,504
TOGHCHEANTAR SHRATH AN URLÁIR				
	0-4	**5-14**	**15-19**	**Iomlán**
1996(staitisticí daonáirimh)	1,063	2,471	1,320	4,854
2002(staitisticí daonáirimh)	1,167	2,383	1,190	4,740
Réamh-mheasta do 2001 sa Straitéis Chúraim Pháistí reatha	929	2,175	1,299	4,403

TÁBLA 2

Daonra de réir daonáireamh Toghcheantair a léiríonn céatadán athraithe agus athruithe fíora sa Daonáireamh idir 1996 – 2002 mar atá mionsonraithe i mír 4.2 den doiciméad.

TOGHCHEANTAR BHAILE DHÚN NA NGALL				
	1996	**2002**	**% athraithe**	**Gan athrú**
0-4	1,610	1,728	+7%	+118
5-14	4,553	3,798	-17%	-755
15-19	2,306	2,027	-12%	-279
TOGHCHEANTAR NA NGLEANNTACH				
	1996	**2002**	**% athraithe**	**Gan athrú**
0-4	1,462	1,538	+5%	+76
5-14	4,006	3,562	-11%	-444
15-19	2,007	1,788	-11%	-219
TOGHCHEANTAR INIS EOGHAIN				
	1996	**2002**	**% athraithe**	**Gan athrú**
0-4	2,244	2,592	+16%	+348
5-14	5,763	5,272	-9%	-491
15-19	3,068	2,852	-7%	-216
TOGHCHEANTAR LEITIR CEANAINN				
	1996	**2002**	**% athraithe**	**Gan athrú**
0-4	1,908	2,257	+18%	+349
5-14	4,417	4,332	-2%	+85
15-19	2,344	2,401	+2%	+57
TOGHCHEANTAR BHAILE NA NGALLÓGLACH				
	1996	**2002**	**% athraithe**	**Gan athrú**
0-4	1,025	1,145	+12%	+120
5-14	2,678	2,481	-7%	-197
15-19	1,426	1,256	-12%	-170
TOGHCHEANTAR SHRATH AN URLÁIR				
	1996	**2002**	**% athraithe**	**Gan athrú**
0-4	1,063	1,167	+10%	+104
5-14	2,471	2,383	-4%	-88
15-19	1,320	1,190	-10%	-130

TÁBLA 3

A léiríonn Ráta Breithe Bliantúil i gContae Dhún na nGall ó 1998 – 2004 agus Ráta Breithe Réamh-mheasta (ag 2.25%) ó 2005 – 2010, mar atá mionsonraithe i mír 4.7.2.

Bliain	Líon na mBreitheanna
1998	1,781 *(fíor)*
1999	1,857 *(fíor)*
2000	1,772 *(fíor)*
2001	1,895 *(fíor)*
2002	1,911 *(fíor)*
2003	1,969 *(fíor)*
2004	1,897 *(fíor)*
2005	1,939 *(réamh-mheasta)*
2006	1,982 *(réamh-mheasta)*
2007	2,027 *réamh-mheasta)*
2008	2,073 *réamh-mheasta)*
2009	2,120 *réamh-mheasta)*
2010	2,168 *réamh-mheasta)*

TÁBLA 4

Tábla a léiríonn staitisticí daonra páistí reatha agus réamh-mheasta (bunaithe ar mheánchlaonadh leanúnach 2.25% ar ardú ráta breithe), mar atá mionsonraithe i mír 4.7.2.

Bliain	0-4	5-9	10-14	Total
2002 ***(daonáireamh 2002)***	10,427	10,358	11,470	32,225
2006 ***(réamh-mheasta)***	7,787	10,427	10,358	30,483
2010 ***(réamh-mheasta)***	8,388	7,787	10,427	30,725